Pleanáil sa nGaeltacht: cur chuige stráitéiseach

Cur i láthair, ullmhaithe le haghaidh Teacht Aniar na Gaeltachta ag Donncha Ó hÉallaithe
Márta 2021

Leagan amach an chur i Láthair

- Cúlra faoin Gaeilge sa gcóras pleanála.
- An brú a chuireann forbairtí tithíochta ar an nGaeilge sa nGaeltacht.
- Cur síos ar an gcóras cosainte agus fadhbanna leis.
- Moltaí stráitéiseacha len é a fheabhsú.

Pleanáil Tithíochta agus Cosaint na Gaeilge

- A: Reachtaíocht
- B: Plean Forbartha na Gallimhe
- C: Coinníollacha Teanga
- D: Coinníollacha a fheidhmiú

An Reachtaíocht I

I gcás Contae le ceantar Ghaeltachta faoina chúram leagtar síos in Alt 10 (2) m den Acht Pleanála 2000 nach mór go mbeadh cuspóir ag Plean Forbartha an Chontae "*oidhreacht teanga agus chultúrtha na Gaeltachta a chosaint, lena n-áirítear an Ghaeilge a chur chun cinn mar theanga an phobail---*"

An Reachtaíocht II

- Faoin Acht Pleanála, ceadaítear don Chomhairle Chontae cead pleanála a dhiúltú, gan aon chúiteamh, ar an gcúis "*go ndéanfadh an fhorbairt bheartaithe dochar d'oidhreacht teanga nó chultúir na Gaeltachta*."

[Sceideal IV, Mír 14]

An Reachtaíocht III

- Ceadaítear faoin Acht Pleanála coinníollacha a leagan síos, gan chúiteamh a íoc, i gcás cead pleanála a thugtar "*i dtaca le cosaint d'oidhreacht teanga agus chultúrtha na Gaeltachta*".

[Sceideal V, Mír 8]

Plean Forbartha na Gaillimhe

- Tháinig Plean Forbartha na Gaillimhe i bhfeidhm mí Bhealtaine 2003 agus é ráite go soiléir ann go mbeadh sé mar aidhm ag an gComhairle Chontae "*to protect the linguistic and cultural heritage of the Gaeltacht by granting permission with special consideration to Irish speaking applicants ----and by imposing conditions in granting such permissions which will ensure the stabilisation and the promotion of Irish as a community language*."

Coinníoll Teanga na Gaillimhe

- "*Prior to the commencement of the development, the applicant shall enter into a legal agreement with the planning authority,(under the provisions of section 47 of the planning and development Act 2000), the purpose of which shall be to restrict or regulate the development here permitted for the [exclusive] use of occupants who have an appropriate competence/fluency in the Irish language. Details of the standard of Irish to be achieved and methods of evaluating same shall be agreed in writing with the planning authority prior to the finalisation of the legal agreement here conditioned*.
- Reason: In order to protect the linguistic and cultural heritage of the Gaeltacht."

Plean Forbartha Chiarraí

- "Go dtí go mbeidh na saintréithe réitithe agus na táscairí bunaithe go cruinn, ní bheadh sé ciallmhar dul ar aghaidh, ag an staid seo, ar bhunús úsáide ginearálta de Mheasúnacht Tionchair Teanga nó ar choinníollacha i dtaca le pleanáil teanga a chur i bhfeidhm."

Dearcadh an Law's Society's Law Reform Committee

- "The language conditions are constitutionally sound even if a higher standard of review is applied"

- "Such conditions are prima facie compatible with the Constitution, the European Convention on Human Rights and EU law"

A report on Discriminatory Planning Conditions, Feabhra 2005.

Airdeall

Polasaí ag Airdeall

aighneachtaí a dhéanamh ag an údarás pleanála i dtaobh na Gaeilge agus achomharc a dhéanamh más gá ag an mBord Pleanála leis an gcoinníoll Ghaeilge a neartú is a dhaingniú.

Dearcadh an Bhord Pleanála

- "*I consider that these is a case for the main parameters to be specified in the condition, while details of the method of language assessment, controls on letting and the wording of contracts could be left to the agreement.*" Tuairisc an Chigire (PL 208725)

Daonra na gCeantracha Gaeltachta 2016

- An Ghaeltacht Oifigiúil : 100,000

- Fíorghaeltacht: 20,000
- Breacghaeltachtaí: 10,000
- Iarghaeltachtaí: 70,000

Iarratais Pleanála 2000-2005

Ceantar	Iarratais 2000-05	Per 100 duine	Athrú Daonra 2002 - 2006	% Athrú
An Rinn	303	28	+102	+10%
An Spidéal	220	18	+103	+8%
Gaoth Dobhair	799	30	-13	-0.5%
An Cheathrú Rua	447	20	+34	+1.5%

Iarratais ar Tithe Aonair

Ceantar	Iarratais 2000-05	Líon a Ceadaíodh	Athrú Daonra 2002 - 2006
An Spidéal	95	64	+103
Gaoth Dobhair	484	302	-13
An Cheathrú Rua	238	152	+34

Deontas Iomlán SLG

Ceantar	1995/96	2005/06	Athrú sa Líon Teaghlaigh	Athrú sa Líon Deontais
An Spidéal	63	50	+12	-13
Gaoth Dobhair	223	208	+11	-15
An Cheathrú Rua	203	194	+9	-7

Iarratais ar Tithe Aonair

Ceantar	Iarratais 2000-05	Líon a Ceadaíodh	Athrú Daonra 2002 - 2006
An Rinn	184	119	+102
Rath Chairn	27	22	+29
Dún Chaoin	55	30	+59

Deontas Iomlán SLG

Ceantar	1995/96	2005/06	Athrú sa Líon Teaghlaigh	Athrú sa Líon Deontas
An Rinn	11	36	+35	+25
Rath Charn	15	24	+23	+9
Dún Chaoin	18	11	-9	-7

Tionchar Daoine gan Ghaeilge ar an dTimpeallacht Teanga

"A few speakers of English can have a considerable impact…. English only speakers have a 100% impact on Irish speakers since they never address the Irish speakers in their own language or speak Irish when addressed in Irish."

Dr. Mary O Malley-Madec

An Táirseach ag a Athráionn Fíorghaeltacht go Breacghaeltacht

Do réir an taighde atá
déanta le blianta beaga
anuas, tá an cuma ar an
scéal nach mbíonn
an Ghaeilge inmharthaineach
Mar príomh theanga pobail,
Mura mbíonn dhá thrian
(67%+) den pobal á usáid
Mar theanga laethúil.

Nuair a thiteann an leibhéal
Faoi 67% titeann sé ansin
gan mhoill go dtí leibhéal
Nua thart ar 33%.

An uair sin, is teanga
mionlaigh í an Ghaeilge
sa phobal.

Pleanáil Tithíochta agus Cosaint na Gaeilge

- A: Reachtaíocht
- B: Pleananna Forbartha
- C: Rialacháin de dhíth.

Cur chuige stráitéiseach

1. Forálacha sa bPlean Forbartha le cead a dhiúltú ar chúiseanna teanga,
2. Forálacha le coinníollacha teanga a chur le cead, chun cosaint a thabhairt don Ghaeilge.

Polasaithe Dearfacha a Chur sa bPlean Forbartha

"Beidh an údarás pleanala fábharach do thógáil tithe le haghaidh

(i) Cainteoirí dúchais Ghaeilge ón gceantar

(ii) Cainteoirí dúchais Ghaeilge ó cheantair eile

(iii) Teaghlaigh ag tógáil páistí le Gaeilge, atá tiománta don Ghaeilge agus ar mhaith leo lonnú i gceantar láidir Ghaeltachta, ina bhfuil scoilíocht lán Ghaeilge ar fáil."

Leibhéal Inniúlachta

- Ba cheart go n-iarrfaí teastas TEG ar leibhéal inniúlachta an iarratasóra, más duine nach as an gceantar atá ag iarraidh bogadh isteach sa Ghaeltacht.

Cúlra Teanga a fhiosrú

"I gcás iarratas ar chead pleanála i limistéir Ghaeltachta, is cóir eolas a lorg faoi chúlra teanga agus faoi áitiúlacht na n-iarratasóirí agus faoin úsáid atá beartaithe acu a bhaint as an teach, mar chuid den phróiseas iarratais."

.

[An Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíocht 2007]

Treoirlínte ón Aire

- Treoracha ón Roinn Tithíochta faoin
- (i) caighdeán Gaeilge a theastódh le choinníollacha teanga a shásamh agus
- (ii) faoin eolas ar cheart a lorg faoi chúlra teanga
- (iii) an gá le oifigigh pleanála le Gaeilge a bheith ag plé leis an nGaeltacht.

Ról don Údarás

- Aonad Pleanála taobh istigh de Údarás na Gaeltachta.
- Athrú polasaí i dtaobh dul chuig an Bord Pleanala nuair is gá.
- Go dtabharfaí cead arís don Údarás talamh a cheannach is a réiteach le haghaidh tithíochta.

Ról don Chonradh

- AIRDEALL nua a chur i mbun oibre faoi scáth an Chonradh ag coinneáil súil géar ar an bpróiséas pleanála sna ceantair Ghaeltachta ina bhfuil an Ghaeilge fós le cosaint.

Críoch